Lucsamburg, 09.09.2022

TAG:	**CDT-ACIII-2022-02** **GNÍOMHAIRÍ TACAÍOCHTA OIBRIÚCHÁIN**
GRÁD:	**FG III**
ROINN:	AN ROINN TACAÍOCHTA AISTRIÚCHÁIN
ÁIT FOSTAÍOCHTA:	LUCSAMBURG

Bunaíodh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (an 'tIonad Aistriúcháin') sa bhliain 1994 chun seirbhísí aistriúcháin a chur ar fáil do na comhlachtaí éagsúla de chuid an Aontais Eorpaigh. Is i Lucsamburg atá sé lonnaithe. Tá méadú suntasach tagtha ar ualach oibre an Ionaid ó bunaíodh é agus tá thart ar 200 ball foirne fostaithe ann anois.

Chun freastal ar riachtanais na **Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre** den **Roinn Tacaíochta Aistriúcháin**, tá nós imeachta roghnúcháin á eagrú ag an Ionad Aistriúcháin d'fhonn painéal a thiomsú chun baill foirne ar conradh a earcú faoi Airteagal 3(a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh mar **Ghníomhairí Tacaíochta Oibriúcháin**,

CINEÁL NA gCÚRAIMÍ

Agus é/í ag tuairisciú go díreach do **Cheann na Rannóige um Bainistiú Sreafa Oibre**, beidh an t-iarrthóir a roghnófar freagrach as na tascanna seo a leanas a chomhlíonadh:

a) Formáidiú ábhair agus leagain amach na gcomhad chun críocha aistriúcháin (réamhphróiseáil)
- Tabhairt faoi anailís theicniúil ar iarratais éagsúla ar sheirbhísí teanga (e.g. aistriúchán, fotheidealú, etc.) agus measúnú a dhéanamh ar a ndeacracht agus ar an iarracht a theastaíonn chucu;
- Comhaid a thiontú ó PDF go Microsoft Word, Excel nó PowerPoint chun críocha aistriúcháin (gníomhaíochtaí tiontúcháin agus OCR);
- Comhaid a ullmhú i ngach formáid inghlactha eile (Adobe InDesign agus Illustrator, Microsoft Word, PowerPoint, Excel, XML agus HTML), chun críocha aistriúcháin;

- Le haghaidh gach formáide doiciméid agus gach gníomhaíochta (tiontúchán, OCR nó ullmhúchán), caithfear an méid seo a leanas a áirithiú:
    - An leagan amach céanna leis an mbunchomhad sa chomhad tiontaithe nó próiseáilte ar mhaithe lena aistriú le teicneolaíocht aistriúcháin;
    - Deighilt cheart an bhuntéacs i dteicneolaíochtaí aistriúcháin;
    - Asbhaint cheart an ábhair atá le haistriú agus an ábhair agus na n-eilimintí grafacha a d'fhéadfadh a bheith ann a athchruthú;
    - Comhad glan feidhmiúil atá le cur trí theicneolaíochtaí aistriúcháin d'fhonn an t-ábhar atá ann a athúsáid;
    - An t-ullmhúchán teicniúil is fearr d'fhonn gníomhaíochtaí iarphróiseála a thagann chun cinn tar éis an aistriúcháin a laghdú;
- Réitigh a chuardach ar shaincheisteanna gan choinne a bhaineann le formáidí casta comhaid;
- Timthriall córasach bréagaistriúcháin a áirithiú chun neamh-chomhoiriúnacht le teicneolaíochtaí aistriúcháin nó próiseáil mhícheart ábhair a chosc;
- Ardteicnící próiseála doiciméad a úsáid chun ionramhálacha de láimh a ghlacann go leor ama a theorannú;
- Measúnú agus ceartú a dhéanamh ar an obair a dhéanann soláthraithe seachtracha réamhphróiseála agus iarphróiseála.

b) <u>Formáidiú ábhair agus leagain amach na gcomhad tar éis an aistriúcháin (iarphróiseáil)</u>

- Seiceálacha cáilíochta leagain amach agus leagain amach ábhair agus formáidithe ábhair (iarphróiseáil) a dhéanamh ar chomhaid aistrithe sna formáidí go léir a nglacann an tIonad leo;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le haistritheoirí nó le páirtithe leasmhara eile a bhfuil baint acu leis an sreabhadh oibre chun botúin a d'fhéadfadh a bheith ann a cheartú;
- Cineálacha cur chuige comhchuibhithe a ghlacadh go comhsheasmhach maidir le hobair iarphróiseála laistigh den fhoireann;
- Na feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh a thuairisciú don fhoireann is iomchuí maidir le modhanna oibre;
- Taighde a dhéanamh ar theicnící uathoibrithe agus úrscothacha atá dírithe ar idirghabhálacha daonna a laghdú agus iad a chomhroinnt agus a ghlacadh.

c) <u>Ullmhú teicniúil ábhair closamhairc le haghaidh tras-scríofa nó fotheidealaithe (réamhphróiseáil agus iarphróiseáil)</u>

- Anailís a dhéanamh ar an ábhar closamhairc a chuirtear isteach le tras-scríobh agus/nó le fotheidealú chun sláine, toirt, treoracha, sláine fuaime, etc. a fhíorú.
- Tiontúcháin comhad físe nó fuaime a dhéanamh ar na formáidí seanbhunaithe a nglacann an tIonad leo;
- Socruithe uirlisí a choigeartú i gcomhréir le prótacail inmheánacha arna gcomhaontú agus amchóid a cheartú chun pacáiste atá réidh le haghaidh fotheidealaithe nó iareagarthóireacht tras-scríofa a ghiniúint do theangeolaithe;
- Treoirlínte, treoracha agus postálacha ar ardán inmheánach comhoibríoch a dhréachtú chun treoir a chur ar fáil do theangeolaithe agus do chomhghleacaithe eile;
- Tacaíocht a thabhairt maidir le saincheisteanna teicniúla a dtagann teangeolaithe orthu le linn an phróisis fotheidealaithe/tras-scríofa;
- Seiceálacha teicniúla cáilíochta a dhéanamh ar na táirgí a chuireann teangeolaithe ar fáil chun seachadadh ceart na gcomhad a áirithiú;

…/…

d) Seirbhísí teanga a bhainistiú

- Measúnú agus anailís a dhéanamh ar iarrataí ar sheirbhísí teanga chun dáileadh leordhóthanach post a chinneadh;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hiarrthóirí ar sheirbhísí teanga chun amhras a d'fhéadfadh a bheith ann a shoiléiriú, spriocdhátaí a chaibidliú, dea-chleachtais a d'fhéadfadh a bheith ann a mholadh maidir le bainistiú na seirbhísí arna n-iarraidh;
- Obair na dteangeolaithe inmheánacha agus seachtracha a chomhordú;
- A áirithiú go gcomhlíontar spriocdhátaí trí fhaireachán a dhéanamh ar an obair a shanntar d'acmhainní inmheánacha agus seachtracha;
- Sreabhadh oibre na n-iarrataí ar athrú nó ar cheartúchán táirgí a soláthraíodh cheana a eagrú agus a chomhordú;
- Boinn eolais a chothabháil agus cur le comhroinnt na ndea-chleachtas;
- Cuir i láthair a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a dhéanann an fhoireann;
- Rannchuidiú le tionscadail nuálaíochta a bhaineann le bainistiú tionscadal, le teicneolaíochtaí aistriúcháin agus le próiseáil doiciméad.

Gníomhaíochtaí inmhianaithe breise

- Gníomhaíochtaí faire teicneolaíochta a dhéanamh ar ábhair atá iomchuí don Ionad Aistriúcháin.
- Réimsí uathoibrithe a shainaithint agus/nó rannchuidiú leis an uathoibriú de ghníomhaíochtaí réamhphróiseála agus/nó iarphróiseála agus úsáid á mbaint as scripteanna agus/nó as feidhmchláir shonracha bogearraí;
- Gníomhaíochtaí dearbhaithe cáilíochta logánaithe láithreán gréasáin a dhéanamh;
- Réitigh ad hoc a imscrúdú agus tuairisciú ar na réitigh sin.

A. CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN

Chun bheith incháilithe chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta roghnúcháin seo, ní mór don iarratasóir, ar 09.10.2022, an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach, na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh.

(1) CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- Cáilíochtaí:

  i) leibhéal oideachais iar-mheánoideachais fianaithe le dioplóma; nó

  ii) leibhéal meánoideachais fianaithe le dioplóma a thugann rochtain ar iar-mhéanoideachas, agus taithí ghairmiúil ábhartha trí bliana ar a laghad.
- Eolas ar theangacha: eolas domhain ar cheann de theangacha an Aontais Eorpaigh (leibhéal C1 ar a laghad) agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal B2 ar a laghad)[1], ar an leibhéal is gá chun na cúraimí is gá a dhéanamh.

[1] Sainmhínítear na leibhéil de réir Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha: Foghlaim, Teagasc, Measúnú (CEFR).

(2) <u>INNIÚLACHTAÍ AGUS SCILEANNA TEICNIÚLA</u>

- Staidéir aistriúcháin a dhíríonn ar theicneolaíocht an aistriúcháin nó ar logánú agus dioplómaí (siollabas) bainte amach ag a dheireadh nó teastais arna n-eisiúint ag eintitis speisialaithe (e.g. ollscoil, cuideachtaí príobháideacha a bhfuil saineolas acu sa réimse sin);
- Ardchumas i bhfeidhmchláir Microsoft Office a úsáid: Word, PowerPoint, Excel le dearbhú san fhoirm iarratais;
- Cur amach maith ar Adobe InDesign agus/nó ar Illustrator, a fuarthas trí thaithí oibre ábhartha nó trí chúrsaí oiliúna;
- Eolas maith cruthaithe ar uirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe a fuarthas trí chúrsaí oideachais/oiliúna ábhartha nó trí thaithí oibre ábhartha sé mhí ar a laghad i réimse an bhainistithe tionscadal teanga, an ullmhúcháin comhad nó an bhainistithe teicneolaíochta aistriúcháin;
- Eolas an-mhaith ar Fhraincis nó ar Bhéarla (leibhéal B2 ar a laghad)

(3) <u>INNIÚLACHTAÍ INMHIANAITHE:</u>

- Eolas maith cruthaithe ar phróisis bhainistíochta sreafa oibre a fuarthas trí oideachas/cúrsa ábhartha nó trí thaithí oibre sé mhí ar a laghad i réimse bhainistiú teangeolaíoch tionscadal, ullmhú comhad nó bainistiú teicneolaíochta aistriúcháin;
- Eolas maith ar thríú teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (leibhéal B1 ar a laghad);
- Cur amach ar bhaisc-scriptiú nó ar aon teanga ríomhchlárúcháin;
- Cumas chun macraí a chruthú le tascanna atriallacha a uathoibriú;
- Eolas ar ard-teicnící cuardaigh (e.g. sloinn rialta);
- Eolas ar theicnící fotheidealaithe;
- Eolas ar thástáil logánaithe láithreán gréasáin.

(4) <u>SCILEANNA RIACHTANACHA NEAMHTHEICNIÚLA</u>

- <u>Cumarsáid scríofa agus labhartha</u>: scileanna dréachtaithe, scileanna achoimrithe agus an cumas cumarsáid a dhéanamh sna teangacha eachtracha ábhartha;
- <u>Scileanna idirphearsanta</u>: an cumas oibriú mar chuid d'fhoireann, dea-chumarsáid a dhéanamh le daoine ar gach leibhéal (go hinmheánach agus go seachtrach) agus oibriú i dtimpeallacht ilteangach;
- <u>Tuiscint ar fhreagracht</u>: discréid, rúndacht, mionchruinneas, infhaighteacht, éifeachtúlacht agus poncúlacht;
- <u>Scileanna eagrúcháin</u>: an cumas tascanna éagsúla a bhainistiú agus tosaíochtaí a shocrú; cur chuige córasach; an cumas cur chugat féin; an cumas oibriú faoi bhrú; solúbthacht;
- <u>Inoiriúnaitheacht</u>: an cumas cabhrú le daoine eile agus a bheith ag obair fiú faoi bhrú; intinn fhiosrach agus inniúlacht i ndáil le taighde doiciméad; an cumas foghlaim agus oiriúnú d'fhorbairtí TF.

Measúnófar na scileanna sin trí thriail scríofa agus agallamh (féach pointe B(2)(i) agus (ii) thíos).

…/…

B. NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

(1) AN CHÉIM RÉAMHROGHNÚCHÁIN

Cuirfear an chéim roghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

- Beidh an chéad chuid bunaithe ar na critéir incháilitheachta atá luaite i bpointe A(1) agus is é an aidhm atá leis a dhearbhú cé acu an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an t-iarratasóir na critéir incháilitheachta éigeantacha go léir agus na ceanglais fhoirmiúla go léir atá sonraithe sa nós imeachta iarratais. Diúltófar d'iarratasóirí nach gcomhlíonann na critéir sin.

- Cuirfear san áireamh sa dara cuid taithí ghairmiúil agus inniúlachtaí teicniúla agus scileanna teicniúla atá luaite i bpointe A(2). Déanfar an chuid seo den chéim réamhroghnúcháin a mharcáil ar scála ó 0 go 20 (pasmharc: 10).

Tabharfaidh an Coiste Roghnúcháin cuireadh don 20 iarratasóir ar éirigh leo sa chéim réamhroghnúcháin agus a fuair na marcanna is airde sa chéim roghnúcháin.

(2) AN CHÉIM ROGHNÚCHÁIN

Cuirfear an chéim roghnúcháin i gcrích ina dhá cuid:

(i) Triail scríofa (i mBéarla), ina mbeidh:
- Triail phraiticiúil ríomhairebhunaithe chun inniúlacht na n-iarratasóirí sna dualgais lena mbaineann a mheasúnú (áit a bpléifidh siad le cásanna iarbhír sna réimsí sonracha atá luaite i bpointí A(2) agus A(3).
  Fad: 2 uair;

Déanfar an triail scríofa a mharcáil as 20 marc. Is é 12 phointe pasmharc na trialach scríofa.

Tabhair do d'aire gur gá d'iarratasóirí arb é an Béarla a bpríomhtheanga pas a fháil sa triail scríofa sa dara teanga acu.

(ii) Agallamh leis an gCoiste Roghnúcháin chun measúnú a dhéanamh ar chumas na n-iarratasóirí na dualgais atá sonraithe thuas a chomhlíonadh. Deis a bheidh san agallamh freisin díriú go háirithe ar shaineolas na n-iarratasóirí agus ar a gcuid scileanna sna réimsí atá luaite i bpointí A(2) agus A(3).
Tabhair do d'aire nach dtabharfar cuireadh chun agallaimh ach amháin d'iarratasóirí ar éirigh leo sa triail scríofa.
Is i mBéarla den chuid is mó a reáchtálfar an t-agallamh. D'fhéadfaí an t-eolas ar na teangacha eile atá curtha in iúl ag iarratasóirí a thástáil freisin.
Mairfidh an t-agallamh thart ar 40 nóiméad agus marcálfar é as 20 (pasmharc: 12).

Reáchtálfar an triail scríofa agus an t-agallamh i Lucsamburg nó go cianda.

A luaithe is a bheidh an triail scríofa agus an t-agallamh marcáilte, dréachtóidh an Coiste Roghnúcháin liosta na n-ionadaithe ina gcuimseofar na hiarratasóirí a n-éireoidh leo in ord aibítre. Is iad na hiarratasóirí a n-éireoidh leo na hiarratasóirí a ghnóthaigh an pasmharc sa triail scríofa agus an pasmharc san agallamh (féach pointe (i) agus pointe (ii) thuas). Tabhair do d'aire le do thoil nach dtugann áireamh ar liosta ionadaithe gealladh earcaíochta.

Maidir leis na hiarratasóirí sin a dtabharfar cuireadh dóibh an triail a dhéanamh, ní mór dóibh na doiciméid tacaíochta ábhartha a sholáthar lá an agallaimh, arb iad na doiciméid iad a chomhfhreagraíonn don fhaisnéis a cuireadh ar an bhfoirm iarratais, i.e. cóipeanna de dhioplómaí, de theastais agus de dhoiciméid tacaíochta eile ina gcruthaítear a gcáilíochtaí agus a dtaithí ghairmiúil agus ina dtaispeántar go soiléir dátaí tosaigh agus dátaí deiridh, an post agus cineál beacht a gcúraimí, etc. Más ar bhonn cianda a reáchtálfar na trialacha, féadfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid tacaíochta a iarrtar thuas a chur ar an ríomhphost chuig: E-Selection@cdt.europa.eu. Sula mbunófar an liosta ionadaithe, déanfaidh an Coiste Roghnúcháin anailís ar dhoiciméid tacaíochta na n-iarratasóirí ar éirigh leo san agallamh agus sna trialacha scríofa.

Sula síneofar aon chonradh, áfach, ní mór d'iarratasóirí ar éirigh leo na bunchóipeanna agus na cóipeanna dílse deimhnithe de gach doiciméad ábhartha a chur isteach d'fhonn a chruthú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an 31 Nollaig 2023 agus féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin de rogha údarás an Ionaid Aistriúcháin a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích.

C. EARCAÍOCHT

Ag brath ar an staid bhuiséadach, d'fhéadfaí conradh dhá bhliain (in-athnuaite) a thairiscint d'iarratasóirí roghnaithe i gcomhréir le Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh[2]. Faoi réir leibhéal rúndachta na hoibre a dhéanfar, d'fhéadfadh go gcuirfí ceangal ar an iarratasóir rathúil iarratas a dhéanamh ar imréiteach slándála.

Earcófar an t-iarratasóir rathúil chuig feidhmghrúpa III. Is ionann an buntuarastal míosúil do ghrád 8 (céim 1) agus EUR 2 898,49. Anuas ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, amhail liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal), etc.

Ina theannta sin, le bheith incháilithe, agus sula gceapfar é/í, ní mór don iarrthóir roghnaithe:

- aon oibleagáidí seirbhíse míleata forchurtha ag an dlí a bheith comhlíonta aige/aici;
- na riachtanais charachtair le haghaidh na ndualgas atá i gceist a chomhlíonadh (cearta iomlána mar shaoránach a bheith aige/aici)[3];
- dul faoi scrúdú leighis ag oifigeach leighis ag ionad arna ainmniú ag an Ionad Aistriúcháin i gcomhréir le hAirteagal 82(3) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

[2] I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an AACC a chinneadh conarthaí gearrthéarmacha a thabhairt i gcrích. D'fhéadfadh bonn cirt a bheith leis na conarthaí sin go háirithe i gcás tionscadal ar feadh tréimhse teoranta, i gcás inar gá don Ionad eolas cothrom le dáta a fháil i réimse ar leith, nó baill foirne a ionadú i gcás neamhláithreachtaí.
[3] Ní mór d'iarratasóirí deimhniú oifigiúil a chur ar fáil ina ndearbhaítear nach bhfuil taifead coiriúil acu.

D. NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Ní mór d'iarratasóirí a bhfuil spéis acu ann a n-iarratas a chomhlánú ar líne in Systal (https://aa251.referrals.selectminds.com/?lset=en_US) roimh an spriocdháta.

Ní mór d'iarratasóirí a bpríomhtheanga agus a ndara teanga a chur in iúl ina n-iarratas. Cuirfear an fhaisnéis sin san áireamh agus teanga na trialach scríofa á cinneadh.

Molaimid go láidir duit gan fanacht go dtí na laethanta deiridh le hiarratas a dhéanamh. Is léir ó chúrsaí san am atá caite go bhféadfadh an córas a bheith ró-ualaithe níos gaire don dáta deiridh le hiarratais a chur isteach, agus d'fhéadfadh deacracht a bheith ann an t-iarratas a dhéanamh in am mar gheall air sin.

COMHDHEISEANNA

Is fostóir comhdheiseanna é an tIonad Aistriúcháin agus glacann sé le hiarratais beag beann ar aois, cine, creideamh polaitiúil, creideamh fealsúnach nó creideamh reiligiúnach, inscne nó claonadh gnéasach, míchumas, stádas pósta ná staid teaghlaigh.

NEAMHSPLEÁCHAS AGUS DEARBHÚ LEASA

Beidh ceanglas ar an sealbhóir poist dearbhú tiomantais a dhéanamh go n-oibreoidh sé/sí go neamhspleách ar mhaithe le leas an phobail agus dearbhú a dhéanamh maidir le haon leasanna a d'fhéadfadh a bheith measta mar dhochrach dá neamhspleáchas.

E. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

ATHBHREITHNIÚ – ACHOMHARC – GEARÁIN

I gcás iarratasóirí a mheasann go bhfuil forais acu le gearán a dhéanamh faoi chinneadh ar leith, féadfaidh siad, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin, iarraidh ar Chathaoirleach an Choiste Roghnúcháin tuilleadh sonraí a thabhairt dóibh faoin gcinneadh sin, nós imeachta achomhairc a thionscnamh nó gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh (féach Iarscríbhinn 1).

IARRATAÍ Ó IARRATASÓIRÍ AR ROCHTAIN A FHÁIL AR FHAISNÉIS A BHAINEANN LEO

Tá an ceart sonrach ag iarratasóirí atá páirteach i nósanna imeachta roghnúcháin rochtain a fháil ar fhaisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach, mar atá sonraithe thíos. De bharr an chirt sin, d'fhéadfaí faisnéis bhreise a bhaineann lena rannpháirtíocht sa nós imeachta roghnúcháin a sholáthar d'iarratasóirí a dhéanann an iarraidh sin. Ní mór d'iarratasóirí iarratais den chineál sin a chur i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin. Seolfar an freagra laistigh de mhí amháin tar éis an iarraidh a fháil. Déileálfar le hiarrataí agus aird á tabhairt ar an rúndacht a bhaineann le himeachtaí an Choiste Roghnúcháin i gcomhréir leis na Rialacháin Foirne.

SONRAÍ PEARSANTA A CHOSAINT

Áiritheoidh an tIonad Aistriúcháin (mar an comhlacht atá freagrach as an nós imeachta roghnúcháin a eagrú) go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarratasóirí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO 2018 L 295, lch. 39). Baineann sé sin go háirithe le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

Tá sé de cheart ag iarratasóirí dul i muinín an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí tráth ar bith (edps@edps.europa.eu).

Féach an fógra príobháideachais sainiúil.

IARSCRÍBHINN 1 ***IARRATAIS AR ATHBHREITHNIÚ – NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC – GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH***

Ós rud é go bhfuil feidhm ag na Rialacháin Foirne maidir le nósanna imeachta roghnúcháin, tabhair do d'aire le do thoil go bhfuil na nósanna imeachta ar fad cumhdaithe leis an gceanglas rúndachta a leagtar síos sna Rialacháin Foirne. Má mheasann iarratasóirí, ag céim ar bith den nós imeachta roghnúcháin seo, go ndearna cinneadh ar leith dochar dá leasanna, féadfaidh siad tabhairt faoin ngníomh seo a leanas:

I. IARRATAÍ AR THUILLEADH FAISNÉISE NÓ AR ATHBHREITHNIÚ

- Litir a sheoladh, ag iarraidh faisnéis bhreise nó athbhreithniú, agus ina sonraítear do chúiseanna, chuig:

  Cathaoirleach an Choiste Roghnúcháin CDT-ACIII-2022/02

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  laistigh de dheich lá ón dáta a seoladh an litir ina gcuirtear an cinneadh atá i gceist in iúl. Seolfaidh an Coiste Roghnúcháin freagra a luaithe is féidir.

II. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

- Féadfar gearán a thaisceadh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag an seoladh seo a leanas:

  An tÚdarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích (Tag.: CDT-ACIII-2022/02)

  An tIonad Aistriúcháin
  Bâtiment Technopolis Gasperich
  Oifig 3077
  12E, rue Guillaume Kroll
  L-1882 Lucsamburg

  I gcás an dá chineál nós imeachta sin, tosóidh na spriocdhátaí a shonraítear (sna Rialacháin Foirne arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15 – https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32013R1023) ón dáta a dtabharfar fógra d'iarratasóirí faoin ngníomh a líomhnaítear a dhéanann dochar dá leasanna.

  Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil an chumhacht ag an údarás atá cumhachtaithe chun conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích cinntí an choiste roghnúcháin a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte Breithiúnais nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag coistí roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndearnadh sárú soiléir ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gcoistí roghnúcháin.

III. GEARÁIN LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

- Gearán a chur isteach, i gcomhréir leis an gceart atá ag gach saoránach den Aontas Eorpach, le:

  An tOmbudsman Eorpach
  1 avenue du Président-Robert-Schuman – CS 30403
  67001 Strasbourg Cedex, an Fhrainc

  de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear

comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom (IO L 253, 16.7.2021, lgh. 1-10).

Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin a chur isteach nó maidir le hachomhairc a chur faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin, faoi Airteagal 2(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2021/1163 ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman (Reacht an Ombudsman Eorpaigh) agus lena n-aisghairtear Cinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom, nach mór dul i dteagmháil ar na dóigheanna cuí leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfar aon ghearán leis an Ombudsman.